S23/08

Scrúduithe Teistiméireachta

Triaileacha Closamhairc – Úsáid Dioscaí Digiteacha Ilúsáide (DVDnna) i 2008 agus sa todhchaí

Chuig: Údaráis Scoileanna Iarbhunoideachais

Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit triaileacha closamhairc ar fáil gach bliain in ábhair Chlár Gairme na hArdteistiméireachta (Nascmhodúil) agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach – Béarla agus Cumarsáid agus an Cúrsa Gaeilge agus Cumarsáid.

Is é aidhm an Choimisiúin agus socruithe á ndéanamh do na triaileacha seo a dheimhniú go bhfuil fuaim agus pictiúr den scoth ar fáil d'iarrthóirí.

De réir na comhairle ó thionscal na meán agus aischothú ó scoileanna, ó mhúinteoirí agus ó iarrthóirí, feabhsóidh Dioscaí Digiteacha Ilúsáide (DVD) seachas físchaiséid VHS caighdeán na fuaime agus na bpictiúr d'iarrthóirí agus maolóidh siad deacrachtaí soláthair agus oibriúcháin a bhaineann le seinnteoirí físchaiséad. Is féidir an t-ábhar scrúdaithe ar gach DVD ar leith a tháirgtear do scrúduithe a chur ar fáil i gceithre leagan – i.e. leagan Béarla, leagan Béarla le fotheidil, leagan Gaeilge agus leagan Gaeilge le fotheidil, chun riachtanais éagsúla na n-iarrthóirí a shásamh. Ina theannta sin, is féidir na DVDnna do scrúduithe a sheinnt ar réimse leathan bogearraí atá ar fáil ar ríomhairí pearsanta, rud a d'fhéadfadh cuidiú le scoileanna agus ionaid speisialta á mbunú acu d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, le cead an Choimisiúin.

Dá réir sin, agus mar bheartas tionscantach breise ar mhaithe le feabhas ar cháilíocht na seirbhíse, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gach ábhar scrúdaithe a chur ar fáil ar DVD ó 2008 agus sa todhchaí. Tá sé tábhachtach go meabhrófaí go mbeidh na triaileacha closamhairc ar fad á dtairiscint i bhformáid DVD <u>amháin</u> agus nach mbeidh siad ar fhíschaiséad i Scrúduithe Stáit 2008 ná sa todhchaí.

Gheobhaidh tú faoi iamh dhá chóip de DVD samplach ar a bhfuil cóip de chomhpháirt chlosamhairc scrúdú nascmhodúl LCVP 2007, chomh maith le cóipeanna den chuid chlosamhairc den pháipéar scríofa a ghabhann leis, mar chúnamh do scoileanna le tástálacha macasamhlacha de na cúinsí scrúdaithe. Ta súil agam go mbeidh na treoirlínte atá in éineacht leis an litir seo, mar aon leis an DVD samplach, ina gcúnamh duit agus tú i mbun pleanála do na scrúduithe i mbliana.

Agus socruithe á ndéanamh do na seisiúin scrúdaithe ina bhfuil comhpháirteanna closamhairc is é an aidhm is tábhachtaí ar fad a dheimhniú go bhfuil iarrthóirí in ann an scannán a fheiceáil agus a chlos go soiléir. Athdhearbhaíonn na treoirlínte a ghabhann leis seo an dea-chleachtas atá i réim cheana féin i dtromlach na scoileanna.

Ina theannta sin, gheobhaidh feitheoirí treoracha, mar a fuaireadar riamh anall, maidir le tionól na dtriaileacha closamhairc. I gcás an scrúdaithe Nascmhodúil i mí na Bealtaine moltar d'údaráis

scoileanna freisin an DVD samplach faoi iamh a thabhairt d'fheitheoirí, atá ceaptha ag údaráis scoileanna, chun taithí a fháil roimh ré ar an seinnteoir DVDnna agus ar an ngléas teilifíse atá le húsáid sa triail chlosamhairc ar leith. I gcás an scrúdaithe scríofa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach i mí an Mheithimh, cuirfidh an Coimisiún cóip den DVD samplach ar fáil d'fheitheoirí, a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún, chun na críche seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbainfí triail as an DVD samplach roimh ré ar aon ríomhaire pearsanta atá le húsáid in ionad speisialta d'iarrthóir a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici.

Mar fhocal scoir, gabhaim mo bhuíochas leat as do chomhoibriú agus do chúnamh maidir leis na nithe seo san am atá thart agus tá súil agam go mbeidh na treoirlínte seo a leanas, a cuireadh le chéile ar an tuiscint go mbainfí úsáid as seinnteoir DVDnna agus as gléas teilifíse, mar chúnamh chun na triaileacha closamhairc a chur i gcrích go sásúil sa scoil agat féin.

Aidan Farrell,
Stiúrthóir Oibriúchán,

Feabhra 2008.

TREOIRLÍNTE

Is é is bun leis na treoirlínte seo a leanas ná cuidiú le cur i gcrích sásúil comhpháirt chlosamhairc scrúdaithe i gcás go n-úsáidtear gléas teilifíse agus seinnteoir DVDnna.

Trealamh

Deimhnigh go mbaineann na feistis seo a leanas agus iad ag obair go sásúil leis an seinnteoir DVDnna, agus leis an gcianrialtán, atá le húsáid don chomhpháirt Chlosamhairc den scrúdú:

- Eochracha **Play** agus **OK**
- Eochracha **Arrow** ar fad
- An eochair **TITLE(TOP MENU)**
- Eochracha **SHUTTLE (FAST FORWARD** agus **REWIND)**
- Eochair **PAUSE**

Is fearr batairí nua a chur sa chianrialtán sula dtosaíonn an scrúdú.

Úsáid Trealaimh

1. Is fearr féachaint roimh ré ar an seomra atá le húsáid don scrúdú chun a dheimhniú go bhfuil sé oiriúnach agus triail mhacasamhlach a bhaint as an seinnteoir DVDnna agus an gléas teilifíse féachaint an bhfuil siad ag obair go sásúil.
2. Níor chóir seomraí ollmhóra, hallaí ná giomnáisiaim a úsáid mura ndeimhnítear pictiúr agus fuaim den scoth do gach iarrthóir.
3. Ba chóir go mbeadh gach iarrthóir in ann an cur i láthair Closamhairc a fheiceáil agus a chloisteáil go soiléir.
4. Aon ghléas teilifíse amháin is cóir a úsáid i ngach seomra. De réir na comhairle atá faighte againn, tá sé beagnach dodhéanta go teicniúil dhá ghléas teilifíse a shioncronú go sásúil lena chéile. Is fearr an dara seomra a úsáid nuair atá grúpa mór i gceist.
5. I gcásanna áirithe, tharlódh sé go socródh scoileanna an fhuaim a aimpliú. Más ea, ba chóir duit a shocrú go bhfuil an trealamh ar chaighdeán sásúil. Ba mhór an cuidiú é dá mbeadh an trealamh seo ar fáil duit don tástáil fuaime roimh na triaileacha féin.
6. Agus leibhéal fuaime á thástáil moltar an rialtán fuaime teilifíse a oibriú faoi bhun an uasleibhéil fuaime.
7. Ba chóir aon torann seachtrach a mhaolú nó a chealú chomh mór agus is féidir fad atá an triail Chlosamhairc ar siúl.
8. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh ar dhallrú inmheánach nó seachtrach ar an scáileán teilifíse a chealú.

Seinnt an DVD

Nuair a chuireann tú an DVD isteach taispeánfar an TITLE/TOP MENU seo a leanas.

LEAGAN BÉARLA
LEAGAN BÉARLA LE FOTHEIDIL
LEAGAN GAEILGE
LEAGAN GAEILGE LE FOTHEIDIL

Féadfaidh tú an leagan den scannán atá uait a roghnú leis na heochracha **ARROW** agus an eochair **OK** a bhrú ar an gcianrialtán.

Ar mhaithe le riaradh éifeachtach na trialach, tá roinnt radharc i ngach scannán a ligeann don fheitheoir an triail a athsheinnt nó a atosú ó phointe ar leith, má bhíonn aon fhadhb ann le linn na trialach. Dá réir sin, taispeánfar clár **SCENE SELECT**, mar atá thíos, ar an scáileán nuair a bheidh an leagan den triail atá uait roghnaithe agat.

Déantar an cnaipe roghnaithe a réamhschocrú mar chnaipe **PLAY** nuair a osclaítear an clár seo.

Brúigh **OK** ar an gcianrialtán chun an scannán a sheinnt as a chéile.

Má bhíonn deacracht ann le linn an scannán a sheinnt agus gur gá radharc a athsheinnt, is féidir filleadh ar an gclár **SCENE SELECT** trí bhrú ar an eochair **MENU** ar an gcianrialtán.

Úsáid na heochracha **ARROW** chun an radharc is mian leat a athseinnt a roghnú agus brúigh **OK** ar an gcianrialtán. Seinnfear an scannán ó thús an radhairc roghnaithe agus leanfaidh sé go deireadh na trialach.

Más gá filleadh ar an gclár TITLE/TOP MENU tar éis don scannán tosú is féidir é sin a dhéanamh trí eochair an **TITLE/TOP MENU** a bhrú ar an gcianrialtán.

Ag deireadh an scrúdaithe brúigh an eochair **STOP** ar an gcianrialtán.

N.B. NÁ BRÚIGH AN EOCHAIR STOP FAD ATÁ AN SCANNÁN AG SEINNT – MÁS GÁ STOPADH AR CHÚIS AR BITH LE LINN NA SEANMA BRÚIGH AN EOCHAIR "PAUSE" AGUS ANSIN BRÚIGH "PLAY" NUAIR IS MIAN LEAT ATOSÚ.